**An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2022**

# *Chonaiceamar a réalta ag éirí...*



We Saw His Star in the East / Gwelsom ei seren ef ar ei chyfodiad / Chunnaic sinne a rionnag anns an àird an ear

18-25 Mí Eanáir

www.ctbi.org.uk/weekofprayer



Is maith an cur amach atá againn ar scéal na Saoithe agus iad ag tabhairt cuairte ar an teaghlach naofa i mBeithil. Go deimhin, ní fada ó rinneamar féin ceiliúradh ar an Nollaig; Féile an Ionchollaithe agus Féile na hEipeafáine atá sa Nollaig. Tháinig na Saoithe chun ómós a dhéanamh d'Íosa Óg agus féachtar orthu uaireanta faoi mar a bheadh comhartha iontu d'éagsúlacht an domhain seo – éagsúlacht idir chreideamh agus chultúr. D'fhéadfaí an scéal a thuiscint mar shiombail den aontacht a bhaineann leis an gcruthú uile, ar aontacht í a theastaíonn ó Dhia. Ó thíortha i gcéin a tháinig na Saoithe, agus is do chultúir éagsúla a sheasann siad, ach ainneoin a n-éagsúlachta lena chéile, is é an fuadar céanna a bhí fúthu maidir leis an rí nuashaolaithe a fheiceáil agus le haithne a chur air agus is ar mhaithe le hómós a dhéanamh dó a bhailigh siad isteach sa teach beag úd i mBeithil. Gníomh simplí go leor. Tá meafar den aontacht Chríostaí sa mhéid seo ar fad: is é sin, pobail Chríostaí ag tarraingt le chéile ar mhaithe leis an gcuspóir atá againn go léir agus is é sin Críost a aithint, aithne a chur ar Chríost, agus Críost a adhradh, agus fianacht a thabhairt don ghá níos forleithne a bhaineann le haontacht a chothú agus leis an éagóir a shárú.

Ba iad eaglaisí an Mheánoirthir a roghnaigh an téacs seo, agus maidir leis an Meánoirthear féin, tá stair an cheantair áirithe sin fite fuaite le coimhlint agus le cruatan, mar go bhfuil rian na fola fágtha ag an éagóir agus an daorsmacht uirthi. Riamh ó cuireadh i gcrích Nakba na Palaistíne (ollimeacht dhaonra

na nArabach ón bPalaistín le linn chogadh na bliana 1949), tá an réigiún thíos le cogaí fuilteacha, le réabhlóid agus le fás an antoisceachais Ioslamaigh. Tá gnéithe dorcha ag gabhail le scéal na Saoithe freisin, orduithe tíoránacha Héaróid go háirithe, orduithe arbh é ba thoradh leo bás a thabhairt do gach páiste dhá bhliain d'aois nó faoina bhun (Matha 2:16-18). Tá barbarthacht na scéalta seo inchurtha le stair fhada agus le castacht cúinsí reatha an Mheánoirthir.

Is sa Mheánoirthear a cuireadh bonn faoi Bhriathar Dé agus is ann a thug sé toradh uaidh: toradh faoi chéad in áit, faoi sheasca in áit eile, faoi thríocha in áit eile. Agus is ón aird thoir seo a tháinig na hAspail chun an Soiscéal a scaipeadh ar fud an domhain (Gníomhartha 1:8). Ón Meánoirthear a tháinig na mílte finné chomh maith leis na mílte mairtíreach. Agus anois fiú amháin, an pobal beag Críostaí atá fós sa Mheánoirthear, tá siadsan faoi bhagairt de dheascsa nach bhfuil an dara rogha ag a lán de Chríostaithe an cheantair ach imeacht leo agus saol níos socra agus saol níos saibhre a bhaint amach dóibh féin in áit eile. Amhail solas Íosa Óig, tá solas na Críostaíochta sa Mheánoirthear faoi bhagairt sa tréimhse chrua seo, agus is bagairt í a bhfuil ag méadú uirthi.

Is siombail chumhachtach ag na Críostaithe í Iarúsailéim de bharr gurb í "Cathair na Síochána", cathair inar sábháladh an daonnacht go léir agus ina ndearnadh í a shlánú. Ach tá síocháin ar easpa ón gcathair anois. Tá an phaidreoireacht féin faoi rialú bearta polaitiúla agus bearta míleata in





Iarúsailéim. Maíonn dreamanna áirithe gur leo amháin cead paidreoireachta agus déanann siad beag is fiú de chead dreamanna eile. Cathair ríthe ab ea Iarúsailéim, cathair a bhfillfidh Íosa go buacach uirthi, agus a stádas mar rí á fhógairt (Lúcás 19:28-44). Ní nach ionadh, bhí coinne ag na Saoithe leis gur le réalta a dhéanfaí an rí nuashaolaithe a fhógairt sa chathair ríoga seo. Mar sin féin, faoi mar a deir an scéal linn, níor chosúil gur áit bheannaithe í Iarúsailéim nuair a rugadh an rí, an slánaitheoir, níor chosúil ná é, mar go raibh an chathair ar fad ina chíor tuathail, faoi mar atá sa lá atá inniu ann. Inniu níos mó ná ariamh, teastaíonn solas neamhaí ón Meánoirthear chun treoir a thabhairt do na daoine.

Sa chomhthéacs seo a ghlaotar ar na Críostaithe chun an rí nuashaolaithe a chuardach, rí na séimhe, na síochána agus an ghrá. Ach cá bhfuil an réalta a léiríonn an treo chuige? Is é misean na hEaglaise a bheith mar an réalta a chuireann solas sa bhóthar chuig Íosa Críost, solas an tsaoil.

Trí bheart agus trí bhriathar, glaotar ar an bpobal Críostaí le solas a chur sa bhóthar chun go dtaispeánfar Críost, an athuair, do gach náisiún. Ach nuair a bhíonn deighilt ann, múchtar solas na bhfinnéithe Críostaí agus bíonn an bealach doiléir dá dheasca, rud a chuireann cosc le daoine eile maidir lena slí a dhéanamh chuig Críost. Ach ar an láimh eile, nuair a bhíonn aontacht idir na Críostaithe agus iad i mbun Críost a adhradh, a gcistí á n-oscailt agus bronntanais á malartú acu, bíonn siad mar chomhartha don aontacht a theastaíonn ó Dhia don chruthú uile.

Paindéim Covid-19; an ghéarchéim eacnamaíoch a lean é, gan aon chosaint uirthi i measc na ndaoine is laige agus is leochailí ó na struchtúir pholaitiúla, eacnamaíocha agus shóisialta; an ciníochas ar galar é inár bpobail, is nithe iad seo go léir a léiríonn an gá atá le soilsiú sa dorchadas. An réalta a lonraigh dhá mhíle bliain san Oirthear, (an Meánoirthear), fós tugann sí sinn chun an mhainséir, an áit inar rugadh Críost. Tugann sé sinn go dtí an áit ina bhfuil Spiorad Dé beo gníomhaíoch.

D'fhill na Saoithe ar a dtíortha féin tar éis dóibh an Slánaitheoir a fheiceáil agus tar éis dóibh adhradh a dhéanamh air, agus ba ar bhealach eile a thaistil siad abhaile toisc an rabhadh a fuair siad ó thaibhreamh. An chomaoin a roinnimid inár bpaidir le chéile, tá spreagadh inti, spreagadh chun filleadh orainn féin, ar ár n-eaglaisí agus ar ár saol, agus bealach eile a aimsiú leis sin a dhéanamh. Ach cad é atá i gceist leis seo i ndáiríre? Sa lá atá inniu ann agus duine ag freastal ar an Soiscéal, is gá dó a bheith tiomanta don daonnacht, don dream is boichte, is laige agus is imeallaithe go háirithe. Is gá trédhearcacht agus freagracht ó na heaglaisí le linn dóibh a bheith ag plé leis an domhan agus lena chéile. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh eaglaisí a bheith ag comhoibriú lena chéile chun faoiseamh a thabhairt dóibh siúd atá buailte, chun fáilte a chur rompu siúd a cuireadh as a n-áit féin, chun an t-ualach a bhaint díobh siúd a luíonn sé orthu, agus chun sochaí a thógáil atá cothrom agus macánta. Iarrtar anseo ar na heaglaisí oibriú as láimh a chéile chun gur féidir linn go léir todhchaí níos fearr a thógáil de réir croí Dé, todhchaí a thógáil ina mbeidh beatha, síocháin, ceartas agus grá i saol gach duine daonna.



# Lá 1

“Chonaiceamar a réalta ag éirí”

(Matha 2:2)

*Tóg sinn agus tabhair sinn isteach i do sholas foirfe*

## Léamha

| | |
|---|---|
| Sailm 139:1-10 | Béarfaidh tú orm le do dheasláimh |
| 2 Tiomóid 1:7-10 | Bhí an grásta seo tugtha dúinn i gCríost Íosa ó thús aimsire ach is anois beag a foilsíodh é trí thaibhsiú ar slánaitheora Críost Íosa |

## Machnamh

Sa saol seo atá leochaileach éiginnte, cuardaímid an solas. Cuardaímid an mhaitheas ionainn féin, cé gur minic go bhfaigheann ár laigeacht an ceann is fearr orainn agus go dtréigeann ár ndóchas sinn dá bharr sin. I nDia a chuirimid ár muinín, agus trína eagnaíocht siúd, is féidir linn a bheith ag súil lena chuid trócaire. Bíonn ionadh orainn nuair a smaoinímid gur i riocht duine daonna a tháinig sé. Is é Críost an solas inár measc féin! An spiorad a thug Dia dúinn, is é “spiorad na fearúlachta agus an ghrá”. Is trí Spriod Naomh Dé a dhéanaimid ar an solas foirfe seo, seachas trínár gcumas nó trínár neart féin.

Fiú i lár an dorchadais, bíonn an solas anoir ann, sroicheann sé umair an dorchadais sin a scarann óna chéile sinn. Ní stadann an réalta de bheith ag lonrú ná ní stadann sí de chúrsa na staire a mhúnlú. Tríd na cianta, trí bheathaí lucht leanúna Chríost, tuigeadh don saol cén dóchas a spreagtar leis an Spiorad Naomh. Agus leanann an Té a d’Aiséirigh de bheith ag lonrú, faoi mar a bheadh cuaille lena dtreorófar cách isteach i solas na foirfeachta, an solas úd a ruaigfidh an dorchadas a scarann sinn óna chéile.

Ba mhaith linn an ruaig a chur ar an dorchadas a scarann sinn óna chéile agus leis sin tagann an dualgas le guí agus le saothar a dhéanamh ar son na haontachta Críostaí.

## Paidir

A Chruthaitheoir an tsolais,
Foilsigh ár mbealach faoi sholas Chríost
 a ghluaiseann romhainn dár stiúradh.
Go raibh sé ina chuaille san oilithreacht
 dúinn.
Tabhair léargas dúinn agus bí
 beo ionainn.
Treoraigh sinn le mainséar a dhéanamh
 dár gcroí mar a soilsíonn solas fós.
Gabhaimid buíochas leat as bronntanas
 na réalta nach dtréigeann, a Íosa

Críost, a Thiarna, agus a Shlánaitheoir.
Réitigh ár ndeighilteanna agus tabhair
sinn i gcóngar don Solas le go
n-aimseoimid ann ár n-aontacht.
Áiméan.

## Véarsa iomainn

Nach geal ag taitneamh Réalta
na Maidine?!
Nach tobann an loinnir a líonann le
háthas sinn
ó ghealú éigin i gcéin,
is é Gealú Dé a ruaigeann an oíche,
gealú a líonann le solas anamacha
dorcha,
anamacha atá ag dréim le fírinne le fada!
Is é do Bhriathar, a Íosa,
a bheathaíonn sinn,
is é go deimhin a stiúrann sinn,
is é a bhronnann an bheatha orainn;
molaimis, is ea, molaimis an grá sin atá
líon lán.

*Johann Schlegel, tr. Catherine Winkworth*

## Ceisteanna

Ag machnamh ar an mbliain atá caite –

**Ar an leibhéal domhanda:** Cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Eaglais chun Dea-Nuacht an tSoiscéil a fhógairt ar domhan a bhfuil an oiread den éagóir ann?

**Ar an leibhéal áitiúil:** Cad iad na comharthaí dóchais atá feicthe agat i do phobal féin, le linn tréimhse phaindéime go háirithe?

**Ar an leibhéal pearsanta:** Cén áit ina raibh 'an solas' le fáil agatsa agus tú féin i lár an dorchadais?

## Téigh agus Déan

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Ar an leibhéal domhanda:** Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Embrace the Middle East agus féach cad iad na gníomhartha is féidir a dhéanamh chun rannpháirtíocht a léiriú le Críostaithe an Mheánoirthir.

**Ar an leibhéal áitiúil:** Eagraigh airnéan faoi sholas na gcoinnle i do cheantar mar ghníomh ar son na haontachta le linn na seachtaine seo. Ní gá é a dhéanamh sa bheo, ach d'fhéadfadh gach eaglais iarradh ar a cuid ball coinneall a chur ina bhfuinneoga ar lá agus ar am faoi leith.

**Ar an leibhéal pearsanta:** Tóg roinnt ama an tseachtain seo chun féachaint amach ar na réaltaí. Socraigh do shúile ar réalta atá ag tréigint agus caith roinnt ama chun ómós agus chun paidir a thabhairt do Chruthaitheoir an tSolais. Ní gá dul amach faoin spéir ach an oiread, níl le déanamh na laethanta seo ach teacht ar phlainéadlann ar líne chun féachaint ar na réaltaí.

# Lá 2

"Cá bhfuil an leanbh seo atá saolaithe, Rí na nGiúdach?"
(Matha 2:2)

*Le ceannaireacht atá umhal, bristear síos na ballaí agus tógtar ina ndiaidh le grá*

## Léamha

| | |
|---|---|
| Irimia 23:1-6 | Rialóidh sé ina rí go críonna. |
| Filipigh 2:5-11 | An té úd a bhí i riocht Dé ó dhúchas, níorbh éadáil leis bheith ar chomhchéim le Dia. |

## Machnamh – Fíorcheannaireacht

Rinne Irimia cáineadh ar dhroch-cheannaireacht ríthe Iosrael mar gur scar siad agus gur scaip siad na daoine óna chéile mar chuid de cheannaireacht inar scriosadh na náisiúin agus inar díbríodh na saoránaigh chun deoraíochta. Tá codarsnacht shoiléir le déanamh idir an méid sin agus geallúint an Tiarna go seolfadh sé rí-aoire a dhéanfadh 'breithiúnas agus ceart sa tír' agus a thionólfadh an tréad mar aon tréad amháin.

Is i gCríost amháin a chonaiceamar sampla an fhíorcheannaire ar dheilbh Dé. Searbhónta grámhar umhal atá againn i gCríost agus ní éadáil leis bheith ar chomhchéim le Dia. Chun freastail a thagann sé, ní thagann sé le go ndéanfaí freastal air, agus iarrtar ar a lucht leanúna an rud céanna a dhéanamh.

Sa Mheánoirthear sa lá atá inniu ann, tá pobail á gcreimeadh de bharr go bhfuil ganntanas ann maidir le 'breithiúnas agus ceart', agus ní san áit sin amháin a fhaightear an ganntanas sin ach ar fud an domhain. Ach tá dualgas ar cheannairí, ar domhan agus san eaglais, tá dualgas orthu daoine a thabhairt le chéile seachas iad a scarúint nó a dheighilt óna chéile. Dá dhílse a dhéanann na Críostaithe aithris ar cheannaireacht uiríseal Chríost, is mó an deighilt a mbeidh an domhan agus Eaglais ábalta í a shárú. Agus sinn ag obair i dtreo na fíreántachta, an chirt, agus na síochána ar son cách, déanaimid fianacht umhan don rí-aoire, agus tugaimid daoine eile isteach ina láthair.

## Paídir

A Dhia cóir, a Dhia an chirt,
admhaímid leat gur minic a bhímid i
dtaobh múnlaí saolta den cheannaireacht.
cabhraigh linn ár dTiarna Íosa Críost a
chuardach a bhaint amach,
agus ní i bpáláis na cumhachta a gheofar
é ach sa mhainséar go humhal.

Is mian linn aithris ar a umhlaíocht agus
is mian linn a bheith inár searbhóntaí
dá chéile, dílis go léir duitse.
Guímid in ainm Chríost, an té a rialaíonn
le do thaobh agus le taobh an Spioraid
Naomh, i nglóire go deo.
Áiméan.

## Véarsa / Dán

Ba é lá na dtréanfhear,
an lá ar thráigh an fhírinne, ní raibh gnó
ann di a thuilleadh,
ba tharraingtí an bhréag ná í,
an ceart agus é múchta, é ina cheap
magaidh,
in ainm Dhia an óir,
a múnlaíodh amach as saolta meilte.

Agus amach as an bplá an uair sin,
tháinig lá an tsearbhónta,
uileláithreach, anaithnid,
in otharlanna agus in aonaid dianchúraim,
saibhreas amú,
in umair anála.

## Ceisteanna

**Ar an leibhéal domhanda:** Dar le do thaithí féin, cad iad na bealaí ina leanann an Eaglais de nós Íosa agus ceannaireacht a ghlacadh trí sheirbhís a dhéanamh?

**Ar an leibhéal áitiúil:** Cén ceannaire Críostaí (ar an leibhéal áitiúil nó go náisiúnta) a bhfuil meas agat air as an gcumas atá aige idir aontacht agus cúram den cheart a chothú? Cad iad na tréithe a chabhraíonn leis an duine sin a bheith éifeachtach mar cheannaire?

**Ar an leibhéal pearsanta:** An bhfuil amanta ann inar spreagadh tú le dul chun tosaigh agus an ceartas a lorg nó le hoibriú i dtreo na haontachta?

## Téigh agus Déan

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Ar an leibhéal domhanda:** Dar le do thaithí féin, cad iad na bealaí ina leanann an Eaglais de nós Íosa agus ceannaireacht a ghlacadh trí sheirbhís a dhéanamh?

**Ar an leibhéal áitiúil:** Cén ceannaire Críostaí (ar an leibhéal áitiúil nó go náisiúnta) a bhfuil meas agat air as an gcumas atá aige idir aontacht agus cúram den cheart a chothú? Cad iad na tréithe a chabhraíonn leis an duine sin a bheith éifeachtach mar cheannaire?

**Ar an leibhéal pearsanta:** An bhfuil amanta ann inar spreagadh tú le dul chun tosaigh agus an ceartas a lorg nó le hoibriú i dtreo na haontachta?

# Lá 3

“Nuair a chuala Héaród rí an méid sin, bhí sé corraithe, agus Iarúsailéim go léir mar an gcéanna”

(Matha 2:3)

*Láithreacht Chríost ag baint casadh as an saol*

## Léamha

| | |
|---|---|
| Sailm 2:1-10 | Cad fáth a bhfuil na náisiúin ag beartú…? |
| 2 Teasalónaigh 2:13-3:5 | Ach tá an Tiarna dílis agus treiseoidh sé libh |

## Machnamh

Cuireann teacht Chríost isteach ar shlite an domhain. Le humhlaíocht a thagann sé ach tagann sé chun cáineadh a dhéanamh ar an olc chomh maith agus ar an éagóir a bhaineann le huaillmhianta na cumhachta, an tsaibhris, agus an stádais. Iarrann Íosa athrú intinne agus athrú ar an saol, athrú lena saorfar ón dídhaonnú. Cuireann sé sin isteach ar chúrsaí mar go mbaineann sé creathadh as a mbád siúd nach bhféachann ach i ndiaidh a gcuid féin agus a dhéanann faillí ar an maith choiteann. Ach dóibh siúd a oibríonn ar son na síochána agus na haontachta, is solas an dóchais atá i dteacht Chríost.

Iarrtar orainn sinn féin a thiomnú do ghníomhartha fiúntacha, iarrtar orainn a admháil go bhfuilimid ar seachrán ó shlite Dé an chirt agus na síochána. Is léir ansin cén freagra atá le tabhairt ar ár bpaidir ar son na haontachta Críostaí, de réir mar a aithníonn daoine eile láithreacht Chríost ionainn ar domhan. Is féidir linn solas an dóchais a thabhairt chucu sin a mhaireann i ndorchadas an tsuaite pholaitiúil, na bochtaineachta sóisialta, agus an leithcheala struchtúrtha. Is é an Dea-Nuacht ná gur dílis é Dia i gcónaí, tugann sé neart agus cosaint dúinn, spreagann sé sinn le hoibriú ar son leas daoine eile, íobairtí an daorsmachta, an fhuatha, agus an fhoréigin agus na péine, go háirithe.

## Paidir

A Thiarna, threoraigh tú sinn amach
as an dorchadas nuair a thug tú dúinn
dóchas i gCríost Íosa.
Aontaigh sinn trínár dtiomnú do do
réimeas grá, cirt agus síochána a chur
ar bun,
tabharfar solas dóibh siúd a mhaireann i
ndorchadas na díomá agus
an éadóchais.
Lonraigh do sholas orainn agus bailigh
timpeall orainn an goradh a thagann ó
do ghrá.

Tóg sinn chugat, le go dtabharfaidh ár
saol glóire duit,
in ainm an Athair, a Mhic,
agus a Spioraid Naomh.
Áiméan

## Véarsa / Dán

Dráma faoi bhreith Chríost le bheith
ar siúl ar scoil,
agus bulaí na scoile curtha acu i
bpáirt Héaróid.
Glic.
Níl gá le haisteoireacht.

A Íosa, fiafraím díot
cén ról a bheidh agam
i mo shaol, ar do dhomhan, inniu.
Agus impíonn tú orm tú a iarradh
ar dtús,
do spreagadh naofa a iarradh ar dtús,
le go mba mise, uair amháin,
mé féin.

## Ceisteanna

**Ar an leibhéal domhanda:** An mbaineann luacha na hEaglaise creathadh as luacha na sochaí maidir leis an maith choiteann, de réir do thaithí féin?

**Ar an leibhéal áitiúil:** An dóigh leat go bhfuil d'eaglais féin nó do ghrúpa eaglaisí éirithe róchompordach leis an domhan seo atá ar bheagán compoird? Conas is féidir creathadh a bhaint as d'eaglais nó as do ghrúpa eaglaisí chun tabhairt faoi ghníomh níos suntasaí?

**Ar an leibhéal pearsanta:** An raibh ócáidí ann ina ndearna tú an rud atá ceart de bharr gur baineadh creathadh asat?

## Téigh agus Déan

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Ar an leibhéal domhanda:** Bhain Covid-19 creathadh as an domhan agus thug sé dúinn deis athshamhlú a dhéanamh ar an tslí ina bhféadfadh cúrsaí a bheith. Faigh amach a thuilleadh faoi agus bí bainteach leis an bhfeachtas chun plé leis na géarchéimeanna crack the crises agus chun a chinntiú nach gcaillfear an deis seo ar athrú ó bhonn a dhéanamh.

**Ar an leibhéal áitiúil:** Le chéile, mar eaglaisí, machnaígí ar chásanna éagóra nó ar chásanna eisiata in bhur gceantair, bígí ag obair le daoine eile ó bhur bpobal chun dúshlán a thabhairt do na córais a dteastaíonn creathadh ceart a thabhairt dóibh agus chun iad a athrú chun feabhais.

**Ar an leibhéal pearsanta:** Glac tréimhse bheag ciúnais inniu agus déan iarracht a chinneadh cén éagóir is mó a chuireann isteach ar do choinsias, caith roinnt ama i mbun paidreorachta, taighde a dhéanamh, agus déan pleananna faoi na bearta is féidir leat a dhéanamh fúithi (mura bhfuil sé sin ar siúl agat mar atá).

# Dátaí

Is iad na dátaí a bhaineann leis an tSeachtain Ghuí don Aontacht Chríostaí de ghnáth ná an 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir (ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanta eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincíse go mórmhór, ar dáta tábhachtach é d'aontacht na heaglaise. Déanaigí bhur gcinneadh féin maidir leis seo, ag brath ar cad a oireann go háitiúil. Chuige sin a bhaintear leas as córas an 1-8 seachas dataí ar leith a roghnú. Faoi mar atá, beidh sé ar chumas gach grúpa an t-ábhar a úsáid pé lá is mian leo féin é.

# Ordú Seirbhíse

Is féidir an t-ordú seirbhíse a fhaightear i lár an phaimfléid a tharraingt amach agus a chóipeáil más gá. Is féidir ina theannta sin gach acmhainn a íoslódáil ó shuíomh idirlín an CTBI, agus míle fáilte romhaibh de bhur gcuid féin a dhéanamh díbh d'fhonn úsáid áitiúil a bhaint astu. Tugaigí aitheantas le bhur dtoil do Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire, an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí, a sholáthair an t-ábhar.

# Balla na hAontachta Críostaí

Bheimis buíoch dá gcuirfeadh sibh chugainn sonraí agus grianghraif bhur gcuid imeachtaí, maille le paidreacha agus teachtaireachtaí aontachta ar "bhalla" na haontachta Críostaí de chuid www.weekofprayer.org trína bheith ag tvuíteáil chuig an haischlib #wpcuwall. Beidh na póstálacha le feiscint go huathoibríoch (tar éis cúpla nóiméad nó mar sin).

# Sonraí na n-íomhánna

Pictiúr bunaidh de Sheicim le Dr. Michael Loadenthal.

## An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2022

# Ordú adhartha




Véarsaí Bíobla ó An Bíobla Naofa, cóipcheart 1981, An Sagart. Arna n-úsáid le caoinchead. Cosaint ar gach ceart.

© Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire

*Moladh amháin ná mainséar a chur in áit lárnach ar fad, mainséar ina dtugtar léiriú ar chuairt na Saoithe ar an Teaghlach Naofa, agus beidh an mainséar sin ina phointe fócais le díriú air le linn sheirbhís an adhartha.*

# Oscailt

*Tagann an chléir isteach agus tagann rannpháirithe eile isteach le linn an phróisisiam, agus lena linn sin ar fad, cantar iomann cuí [1].*

# Iarraidh ar adhradh

Ceannaire 1 — **In ainm an Athar, an Mhic, agus an Spioraid Naomh.**

**Pobal** — **Áiméan.**

Ceannaire 1 — A dheartháireacha agus a dheirfiúracha, táimid in éineacht le creidmhigh eile ar fud an domhain inniu, agus táimid le chéile chun paidreoireacht a dhéanamh ar son na haontachta san Eaglais, agus táimid ar son go mbeadh an aontacht sin infheicthe. Is le hacmhainní adhartha ó Chomhairle Eaglaisí an Mheánoirthir a dhéanaimid é sin. Is ó chuairt na Saoithe ar an Rí nuashaolaithe a fhaighimid ár dtéama, cuairt a bhfuil cur síos uirthi sa Soiscéal de réir Naomh Matha: "Chonaiceamar a réalta anoir, agus thángamar ag déanamh ómóis dó." Dírímis ár súile ar an réalta sin a chonacthas san Oirthear agus fágfaimid fúithi treoir a thabhairt dúinn chomh maith.

Tagaimis isteach i láithreacht Dé i rannpháirtíocht le gach duine atá breoite, le gach duine a fhulaingíonn, le gach duine atá ar an imeall, le gach duine a díbríodh, agus déanaimis an méid sin sa tuiscint gur féidir an dorchadas a dhíbirt ach lóchrann Dé a bheith againn. Guímid inniu le haontacht na

heaglaise, agus go rabhamar go léir le chéile le bualadh leis an Slánaitheoir Íosa, lóchrann an tsaoil.

Moladh go deo leis an Athair Uilechumhachtach, d'fhoilsigh tú tú féin tríd an gcruthú agus d'iarr tú ar chách tionól lena chéile i do láithreacht. Chonaiceamar réalta Íosa inár saol féin agus thángamar ag déanamh ómóis dó faoi a rinne na Saoithe féin. Tugaimid sinn féin dó inniu agus iarraimid láithreacht an Spioraid Naomh inár measc.

**Congregation** **Tabhair sinn chun aontachta agus sinn ag adhradh an rí, is glórmhar a bhfuil ar neamh thuas. Áiméan.**

# Iomann

Ó déanaimis an Rí a adhradh.

# Paidir an mholta agus paidir na faoistine

Ceannaire 1 Móraimid tú, a Thiarna, a chruthaitheoir na neimhe agus na talún, is tú a shocraigh na soilse i mblaosc an aeir. Is tú a scar an dubh ón mbán, is tú a réitigh comharthaí chun aitheantas a thabhairt do thréimhsí agus do laethanta agus do bhlianta atá naofa. Chuir tú réaltaí san fhirmimint. Is mór iad d'oibreacha, tugtar glóire ar neamh duit, agus fógraítear sna spéartha saothar do lámh!

**Pobal** **Móraimid tú, a Thiarna.**

Ceannaire 2 Molaimid tú mar nár thréigh tú sinn d'ainneoin ár réabhlóide ach chuir tú do mhac lenár ndorchadas a ghealú, le go mbeadh sé mar ár lóchrann agus ár slánú. Bhí beatha sa té sin, agus ba

é a bheatha siúd lóchrann na daonnachta uile. Agus is lonrach an lóchrann sin ainneoin dorchadais.

**Pobal** **Molaimid tú, a Thiarna.**

Ceannaire 1 Molaimid tú, a Thiarna, is tú a thug tionlacan dúinn tú le linn mhearbhall na beatha agus trí chumhacht an Spioraid Naomh. Is tú a chuireann solas inár mbóthar agus is tú a thugann gaois agus creideamh ar domhan na hainfhírinne agus an amhrais.

**Pobal** **Adhraimid tú, a Thiarna.**

Ceannaire 2 Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna, is tú a sheol sinn ar domhan le fianacht a thabhairt do do lóchrann, agus é sin d'ainneoin eadrainn éagsúlacht na n-eaglaisí agus ilghnéitheacht sa chultúr. Fógraímid an Dea-Scéal d'Íosa, an fíor-Rí, is dó a thugaimid sinn féin.

**Pobal** **Táimid buíoch díot, a Thiarna.**

Ceannaire 1 Go gcroma romhat gach pobal agus go ndéantar adhradh. Is minic a bhíomar féin i dtaobh dorchadais, ach uaitse fuaireamar an solas. Is dá réir sin a thagaimid romhat lenár bpeacaí a aithint agus lena linn sin dúinn, is ea a deirimid:

**Pobal** **Adhmaímid go bhfuilimid imithe ó do shlite.**

**Bhíomar santach agus rinneamar dochar don chruthú.**

**Thruaillíomar an t-aer, an talamh, agus na huiscí, chuireamar ann nimh, agus scriosamar idir ghnáthóga agus speicis.**

Ceannaire 1 A Thiarna, déan trócaire

**Pobal** **A Chríost, déan trócaire**
*(nó is féidir iomann Kyrie oiriúnach a chanadh).*

**Pobal** **Bhíomar go leithleach i leith ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha. Chuireamar ár riachtanais agus ár mianta féin os cionn ár dtiomantais don cheart. Thógamar ballaí eadrainn agus chuireamar síolta an amhrais.**

Ceannaire 1 A Thiarna, déan trócaire

**Pobal** **A Chríost déan trócaire**

**Pobal** **Scaramar daoine ar bhonn eitneachta agus cultúir, rinneamar leithcheal ar an éagsúlacht seachas a cheiliúradh. D'fhonn Íosa a éileamh dúinn féin, chuireamar cogadh ar a chéile.**

Ceannaire 1 A Thiarna, déan trócaire

**Pobal** **A Chríost, déan trócaire**

**Pobal** **Maith dúinn na smaointe agus na gníomhartha seo, a Thiarna, tagaimid romhat agus aithreachas á dhéanamh againn.**

Ceannaire 1 A Thiarna, déan trócaire

**Pobal** **A Chríost, déan trócaire**

Ceannaire 2 A Dhia uilechumhachtach, a Athair ár dTiarna Íosa Críost, an té a sheol tú in iomláine an ama le gach pobal a shlánú, iarraimid ort trócaire a dhéanamh orainn, bhur bpeacaí a

mhaitheamh dúinn, agus sinn a chlaochlú i riocht glórmhar an té sin agus leis sin lonróimid mar chuaille dóchais ar fud an domhain bhuartha.

Ceannaire 1 — A Thiarna, déan trócaire

**Pobal** — **A Chríost, déan trócaire**

Ceannaire 2 — Cloiseann Dia Uilechumhachtach ár bpaidreacha, déanann sé trócaire orainn, agus maitheann sé ár bpeacaí.

**Pobal** — **Buíochas le Dia, dá ngabhaimid buíochas go hard ár nguth go léir.**

# Cantaireacht

Trisagion[2]

A Dhia atá Naofa!
Naofa, Uilechumhachtach!
Naofa, Neamhbhásmhar, bíodh trócaire agat orainn!

# Sailm 8 *(freagra)*

Ceannaire 3 — A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é d'ainm ar fud na cruinne!

Moltar do mhaorgacht os cionn na spéartha.

**Pobal** — **As béal naíonán agus leanaí cíche, bhunaigh tú daingean in aghaidh d'eascairde d'fhonn naimhde agus ceannaircigh a chloí.**

Ceannaire 3 Nuair a fheicim na spéartha, saothar do mhéar - an ré agus na réaltaí a rinne tú;

**Pobal** **Cad is duine ann go dtógfá ceann de, ná mac an duine go ndéanfá cúram de?**

Ceannaire 3 Rinne tú beagán níos lú ná dia é gur chuir tú barr glóire agus gradaim air.

**Pobal** **Thug tú ceannas ar oibreacha do lámh dó agus chuir tú gach aon ní faoina chosa.**

Ceannaire 3 Idir chaoirigh agus eallaí agus eile agus ainmhithe uile an mhachaire, éanlaith an aeir agus iasc na mara agus a ngluaiseann ar raonta na farraige.

**Pobal** **A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é d'ainm ar fud na cruinne!**

# Cantaireacht

Tui Amoris Ignem[3]

# An Chéad Léamh

Íseáia 9:2-7

# Cantaireacht

Song of Light[4] (Saint Ephrem)

# An Dara Léamh

Eifisigh 5:8-14

# Comhgháir an tSoiscéil

*(le canadh amach)*

# Léamh an tSoiscéil

Matha 2:1-12

# Searmóin

*(Tréimhse ciúnais nó iomainn)*

# Cré Nícé *(de réir thraidisiún na nEaglaisí san Oirthear)*

**Pobal:** **Creidim in aon Dia amháin, an tAthair uilechumhachtach,
a rinne neamh agus talamh,
agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aon Tiarna amháin, Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas,
fíor-Dhia ó fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair;
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe,
thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é,
i mbroinn na Maighdine Muire,
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcrois é freisin ar ár son faoi Phontias Píoláit;
d'fhulaing sé páis agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na scrioptúir;**

**chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir,
mar aon leis an Athair agus leis an Mac;
is é a labhair trí na fáithe.**

## Solas Chríost a Roinnt

*Crochtar píosa éadaigh dhubhghoirm ar mhaithe le spéir na hoíche a thabhairt chun cuimhne, píosa éadaigh ar a gcuirtear réalta mhór. Cuirtear réaltaí páipéir ar fáil do na hadhraitheoirí, agus iarrtar orthu teacht i láthair agus a réaltaí a chur leis an éadach.*

Ceannaire 1 — Ba í an réalta a threoraigh na Saoithe chun Chríost. Inniu, díríonn an réalta sin i dtreo láithreacht Chríost, an té a foilsíodh dúinn agus a lonraítear a lóchrann orainn. Faoi mar a lean na Saoithe an réalta go Beithil, cruinnímid faoin réalta inniu, cuirimid ár realtaí féin leis an spéir, cuirimid ár mbronntanais agus ár bpaidreacha le chéile ar mhaithe le haontacht shofheicthe na hEaglaise. An fhad a mhairfidh ár dturas chun na sprice sinn, go raibh ár saol le chéile ina fhianacht sholasmhar lena dtreorófar daoine eile chun Chríost.

## Paidreacha Idirghuí

Ceannaire 2 — Le creideamh agus le hiontaoibh, tagaimid ag guí os comhair Dé, arb é an tAthair, an Mac, agus an Spiorad Naomh:

Ceannaire 3 — Anoir a tháinig na Saoithe agus iad ag déanamh ómóis agus ag tabhairt bronntanas uathu óna gcultúir agus óna dtíortha féin. Guímid inniu le pobail Chríostaí ar fud an domhain a mbaineann éagsúlacht leo ó thaobh an adhraithe agus na dtraisiún de: a Thiarna, caomhnaigh na cistí seo, go háirithe in áiteanna ina bhfuil láithreacht agus marthanas na hEaglaise faoi bhagairt ag an bhforéigean agus an daorsmacht.

**Pobal** — **A Thiarna, tabhair cluas d'ár n-urnaí**
*(lena rá nó lena chanadh)*

Ceannaire 2 — Cuid de luathbhlianta shaol an Tiarna ab ea na sléachtanna a rinneadh de réir ordú ón Tíoránach Héaród. Guímid leis na páistí a mhaireann in áiteanna ar fud an domhain ina bhfuil foréigean go fóill i réim.

A Thiarna, daingnigh ceangail na haontachta agus an ghrá atá idir ár n-eaglaisí, is iad na ceangail seo a chabhraíonn linn comhoibriú lena chéile agus le fianacht a dhéanamh do d'Ainm naofa. A Thiarna, spreag sinn lenár gcuid oibre a dhéanamh gan stopadh go deo de chosaint a thabhairt don dream atá thíos agus don dream atá imeallaithe. Spreag sinn le seasamh lena chéile i gcoinne na tíoránachta agus i gcoinne réimeas daorsmachta an fhad a lorgóimid do Ríocht inár measc.

**Pobal** — **A Thiarna, tabhair cluas d'ár n-urnaí**

Ceannaire 3 — Tar éis chuairt na Saoithe, chuaigh an teaghlach ríoga ar deoraíocht sna fásaigh agus rinneadh teifigh díobh i dtalamh na hÉigipte.
Guímid leis na teifigh go léir agus leis na daoine a díbríodh ar fud an domhain:
Cabhraigh linn, a Thiarna, fáilte a chur roimh na daoine a

cuireadh óna mbailte, agus spiorad na fáilte a bheith againn rompu siúd atá ag lorg tearmainn slán.

**Pobal** **A Thiarna, tabhair cluas d'ár n-urnaí**

Ceannaire 2 Dea-nuacht do chách a bhí i mbreith Íosa, thug sé le chéile daoine ó gach náisiún agus ó gach creideamh chun an páiste naomh a adhradh.
Guímid go gcabhróidh ár nguí le síocháin agus le plé a dhéanamh le creidimh eile:
A Thiarna, tabhair dúinn an umhlaíocht agus an fhoighne le meas a léiriú ar dhaoine eile le linn na siúlóide ar a dturas dóibh.

**Pobal** **A Thiarna, tabhair cluas d'ár n-urnaí**

Ceannaire 3 D'fhill na Saoithe abhaile ar bhóthar eile.
Guímid lenár n-eaglaisí ar an domhan seo atá ag athrú:
A Thiarna, cabhraigh linn teacht ar shlite nua cruthaitheacha chun tú a leanúint agus chun fianacht a thabhairt duit ionas go gcreidfidh an domhan.

**Pobal** **A Thiarna, tabhair cluas d'ár n-urnaí**

Ceannaire 2 Nuair a chonaic na Saoithe an páiste naomh, tháinig áthas agus lúcháir mhór orthu.
A Athair Neamhaí, socraigh ár súile air ionas nach gcaillfimid ár slí. Aontaigh sa Tiarna Íosa sinn, is é an bealach, an fhírinne, agus an bheatha, agus is é a mhúin urnaí dúinn, é ag rá:

**Pobal** **A Thiarna, tabhair cluas d'ár n-urnaí …**

# Iomann
# Seoladh agus Beannacht[5]

Ceannaire 1 Téigí anois agus caithigí bhur saol in bhur bpáistí an tsolais.

**Pobal** **Bíonn toradh an tsolais le feiceáil san uile shórt maitheasa agus fíréantachta agus fírinne.**

Ceannaire 1 Ná glacaimis aon pháirt i saothar neamhthorthúil an dorchadais.

**Pobal** **Dúisítear ónár gcodladh sinn agus lonróidh Críost orainn.**

Ceannaire 1 Go raibh an pobal go léir faoi shíocháin, bígí go daingean in bhur ngrá don Athair Dia agus don Tiarna Íosa Críost. Grásta do chách a bhfuil grá síoraí acu dár dTiarna Íosa Críost.

**Pobal** **Áimeán. Moladh le Dia.**

# Iomann fágála

~ · ~

[1] Féach na hacmhainní breise ar líne chun tuilleadh moltaí a fháil

[2] San Aguisín (lch.20) moltar roinnt mhaith leaganacha ó thraidisiún an Oirthir agus an Chianoirthir.

[3] Cantaireacht Taizé. Is féidir teacht ar leagan Araibise sna hacmhainní breise ar líne.

[4] Tá aistriúchán Béarla chomh maith le nasc chuig taifeadadh le fáil i measc na n-acmhainní breise ar line.

[5] Bunaithe ar Eifisigh 5 agus 6.



# Lá 4

“Thusa, a Bheithil, i dtalamh Iúdá, níl tú baol ar an té is lú i measc prionsaí Iúdá”
(Matha 2:6)

*Táimid beag agus fulaingímid, ach níl easpa orainn*

## Léamha

| | |
|---|---|
| Míocá 5:2-5a, 7-8 | óir is asat a thiocfaidh ceann urra a bheidh ina aoire ar mo phobalsa, Iosrael. |
| 1 Peadar 2: 21-25 | Bhí sibh mar chaoirigh ar seachrán, ach tá fillte ar ais agaibh ar aoire agus ar chaomhnóir bhur n-anama. |
| Lúcás 12:32-40 | Ná bíodh eagla oraibh, a thréad bheag. |

## Machnamh

Machnóimid inniu ar an gcúis a roghnaíonn Dia le gníomhú trí dhaoine agus trí áiteanna ar cosúil gan tábhacht a bheith leo, agus machnóimid ar cad é a dhéanann sé leis na nithe sin atá gan tábhacht, más ea. Ní ceisteanna úrnua iad seo – mar a tharlaíonn, tá siad ar na paradacsanna is ansa le lucht seanmóireachta agus sinn ag déanamh ar bhiaiste na Nollag agus na hEipeafáine – agus fós féin tugann siad ár ndúshlán. Labhraíonn Míocá, fáidh, le Beithil go díreach agus déanann sé tuar faoina thábhachtaí atá an baile seo as a dtiocfaidh an t-aoire a thabharfaidh cosaint do phobal Dé. I gCéad Litir Pheadair, táthar ag díriú ar dhaoine a cheap cheana féin gurbh é Íosa Críost an Slánaitheoir agus insítear dóibh gurbh é siúd an t-aoire a fhulaingíonn go deonach leis an tréad a shábháil. Faigheann an ‘tréad beag’ de lucht leanúna Chríost compord ó Shoiscéal Lúcáis, áit a ndeirtear leo nár chóir dóibh aon eagla a bheith orthu, mar gur gheall Dia an Ríocht dóibh.

I gcomhtéacs ár mbuairte féin agus an ghá atá againn le sólás a thuigimid teachtaireachtaí sin an tsóláis, teachtaireachtaí atá dírithe ar dhaoine áirithe ó thréimhse áirithe. Teachtaireachtaí is ea iad lena n-impítear orainn páirt a ghlacadh sa chlaochlú a dhéanfaidh Dia ar shaol atá éagothrom, foréigeanach agus éagórach, agus gan a bheith ag fanacht go héighníomhach nó go dtarlóidh sé sin. Impítear orainn feasacht pholaitiúil a bheith againn; go mbeimis ullamh ar an leibhéal áitiúil Beithilí beaga a dhéanamh dár n-eaglaisí, áiteanna inar féidir Críost a thabhairt ar an saol san fhlaithiúlacht agus san óstaíocht; sinn féin a aithint mar ‘thréad beag’, gan tábhacht i súile an domhain, b’fhéidir, ach ár luach againn agus ár ngairm i mistéir mhór úd an tslánaithe.

## Paidir

A aoire cóir,
goilleann ilroinnt an tréada bhig ar an
Spriorad Naomh.
Maith dúinn ár lagiarrachtaí agus ár moill
i ndéanamh do thola.
Tabhair dúinn aoirí críonna ar do
chuma féin,
aoirí a thuigeann gur peaca í an deighilt,
agus aoirí a stiúrfaidh na heaglaisí
aontaithe
go fíréan naofa i do threo.
Iarraimid ortsa, a Thiarna, cluasa ár
bpaidir a chlos. Áiméan.

## Adhmholadh

Gach oíche Domhnaigh, thiar sa lá,
ar Aifreann is ea a bhímis, mé féin agus
m'athair, bhímis ag cantaireacht:
bhain Sé na móruaisle anuas
dá bprapaireacht,
agus rinne sé beag is fiú díobh.
Líon sé an t-ocrach le nithe maithe,
agus d'fhág sé an saibhir gan faic acu.
(Bhuel, ba mheasa ná sin a chaith sé leo,
más fíor do thuairisc William Morgan...)
Agus ansin d'fhoghlaim mé
nár mar gheall ar na daoine féin an méid
seo, ná níor mar gheall ar chothú, ar
rudaí, ar chaipiteal, ná ar aon rud ar leith
i ndáiríre,
ach gur shiombail ab ea iad, ní raibh iontu
ach sin, nach deas.
An chomh bog sin an dallamullóg a chur
ar Dhia?

## Ceisteanna

**Ar an leibhéal domhanda:** Ullmhaíodh an t-ábhar seo díreach agus an foréigean faoi lánseol arís in Iarúsailéim agus in Gaza. Conas is féidir leis an bpobal Críostaí domhanda tacú le Críostaithe a roinneann an talamh chonspóideach seo a bheith ina soilse sa dorchadas, transfhoirmitheoirí na heagla, gníomhairí na síochána?

**Ar an leibhéal áitiúil:** An bhfuil slí ann lena bhféadfadh ár n-eaglaisí áitiúla a bheith ina 'mBeithilí' – áiteanna ina dtiocfadh Críost ar an saol, ina gcuirfí fáilte roimhe, agus ina ndéanfaí ómós dó?

**Ar an leibhéal pearsanta:** An raibh ócáidí ann inar aithin tú beatha Dé agus í á cothú i ndaoine agus in áiteanna nár thug tú mórán airde orthu cheana?

## Téigh agus Déan

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Ar an leibhéal domhanda:** Tabhair cuairt ar Amos Trust (https://www.amostrust.org) lena fháil amach faoin tslí le síocháin a chur ar bun tríd an gceartas sa Mheánoirthear.

**Ar an leibhéal áitiúil:** Déan plean mar eaglaisí dul i mbun paidreoireachta lena chéile ar son na síochána sa Mheánoirthear ón 24ú lá de gach mí. Is féidir na hacmhainní seo ón gCúnamh Críostaí a úsáid chun cur le do chuid paidreacha

**Ar an leibhéal pearsanta:** An eagla sin a fhágann go mbíonn tú scartha ó thraidisiúin eile, tabhair os comhair an aoire chóir í agus tú i mbun do phaidreacha agat. Déan machnamh ar fhocail an aoire chóir – 'ná bíodh eagla oraibh, a thréad bheag'

# Lá 5

"Agus an réalta, a bhí feicthe acu roimhe sin ag éirí, ghluais sí rompu"

(Matha 2:9)

*An t-aon Dia a threoraigh*

## Léamha

| | |
|---|---|
| Sailm 121 | Tógaim mo shúile chun na sléibhte. Cad as do mo chúnamh? |
| Matha 2:7-10 | Agus an réalta, a bhí feicthe acu roimhe sin ag éirí. |

## Machnamh

Arís agus arís eile, deir na scrioptúir linn go siúlann Dia inár bhfochair. B'fhéidir nach conair dhíreach a bheadh ann i gcónaí: uaireanta, faighimid treoir dul siar ar ár gcoiscéimeanna, uaireanta fillfimid ar bhóthar eile. Ach is cuma an taisteal a dhéanfaimid le linn ár saoil, ní chodlaíonn Dia ná ní dhéanann néal agus is féidir linn glacadh leis go mbeidh sé linn nuair a bhainfidh sciorradh nó titim dúinn.

Sa dorchadas is doimhne, bíonn solas Dé go deo linn. Ar bhealach foirfe ar fad, i bhfoirfeacht an ama, sheol Dia chugainn Íosa Críost, solas stiúrtha na náisiún go léir, glóire Dé ar domhan go léir, foinse an tsolais neamhaí agus an tsaoil.

Ní léir i gcónaí an bealach chun na haontachta lena chéile, in aontacht níos dlúithe le Críost, ní léir é i gcónaí. Le linn ár n-iarrachtaí macánta maidir le hontacht a thógáil eadrainn féin, bíonn sé rófhuirist imeacht ó bhunteachtaireacht na scrioptúr: ní thréigeann Dia a phobal d'ainneoin go dteipeann orthu agus go scarann siad óna chéile. Seo é teachtaireacht dóchais Dé don domhan go léir. Mar a chuireann scéal na Saoithe i gcuimhne dúinn, stiúrann Dia daoine de gach cineál, faoi sholas na réaltaí, go dtí an áit a bhfuil fáil ar Chríost, solas an tsaoil.

## Paidir

A Dhia, ár dTreoraí tú,
sheol tú an réalta d'fhonn na Saoithe a
thabhairt chuig d'aonghin.
Líon sinn le muinín agus tú ag siúl
inár measc.
Oscail ár súile ar do Spiorad, agus tabhair
moladh dúinn as ár gcreideamh,

agus beidh sé ar ár gcumas a dhearbhú gur
Íosa an Tiarna,
agus é a adhradh, faoi mar a rinne na
Saoithe i mBeithil.
Áiméan.

## Véarsaí Iomainn

Dóchas mo chroí, neart m'anama,
tabhair treoir do mo choiscéim agus
coiméad mé iomlán,
is tú mo ghrásta, is tú mo dhúnfort,,
Ó, go raibh do lámh dhaingean go deo
i m'fheighil.

*Barney E Warren, 1893*

## Ceisteanna

**Ar an leibhéal domhanda:** Mar phobal domhanda, tugaimid aghaidh ar chuid mhór dúshlán. Conas is féidir treoir Dé a lorg agus sinn ag dul i ngleic leis na dúshláin sin?

**Ar an leibhéal áitiúil:** Conas mar a threoraíonn Dia do phobal Críostaí ar an am seo? Cad í an áit a bhfuil sé ag glaoch ort le gníomhú ann?

**Ar an leibhéal pearsanta:** Smaoinigh ar thréimhse inar bhraith tú nó ina bhfaca tú treoir Dé? Conas mar a bhí sé?

## Téigh agus Déan

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Ar an leibhéal domhanda:** Cuir tús le comhrá nó lean comhrá timpeall an phobail Chríostaí lena mbaineann tú, comhrá faoin bhfreagra atá sibh a thabhairt ar dhúshláin an cheartais aeráide. Mar eaglaisí, glac páirt sa phaidir dhomhanda agus sa ghníomhaíocht dhomhanda ar son an cheartais aeráide:
https://www.prayandact4climate.org

**Ar an leibhéal áitiúil:** Déan plean i gcomhair sheirbhís Domhnaigh um an athrú aeráide idir na heaglaisí i do cheantar. Tabhair cuairt ar climatesunday.org mar a bhfuil idir acmhainní agus ionspioráid le fáil.

**Ar an leibhéal pearsanta:** Bain amach pobal agus bí i do bhall de ar mhaithe le tacaíocht a fháil agus tú ag tabhairt freagra ar dhúshláin dhomhanda. Más maith leat ceirdeanna, mar shampla, d'fhéadfá do chuid scileanna a chur i dtreo an ghníomhaíochais sa phobal agus a bheith gníomhach ar craftivist-collective.com, mar shampla.

# Lá 6

"Chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, agus d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó"

(Matha 2:11)

*Bailithe le chéile chun adhradh a thabhairt don aon Tiarna amháin*

## Léamha

| | |
|---|---|
| Sailm 84 | Nach álainn go dearfa d'áras! |
| Matha 28:16-20 | Ar a fheiceáil dóibh d'umhlaigh siad dó. |

## Machnamh

Nuair a shroich na Saoithe Beithil óna dtíortha i bhfad i gcéin, agus nuair a chonaic siad an páiste lena mháthair, d'umhlaigh siad dó. I láthair fhoilsiú seo Dé inár measc, caitheadh na súile síos agus cromadh na glúine. Ar an tslí chéanna, nuair a chonaic na deisceabail Críost Íosa arna aiséiri ar an sliabh i nGalailí, bhí idir ionadh agus bhuairt orthu. Ach d'umhlaigh siad dó.

An bhfeicimid? An bhfuil ionadh orainn? An bhfuil adhradh ceart ar siúl againn? Cén fhad a bheimid dall ar láithreacht Dé? Conas a dhéanfaimid adhraidh i bhfírinne air mura bhfeicimid é i gceart ar dtús? Is cúng an radharc atá againn, agus is minic nach mbíonn le feiceáil againn ach na heasontais achrannacha, agus déanaimid dearmad gur do chách é grásta Dé, agus go roinnimid go léir san aon Spiorad amháin a thugann sinn chun aontachta. Mar gheall ar ár gcuid mórtais, is minic a leanaimid dlíthe agus traidisiúin dhaonna, agus caithimid amach as ár gceann an grá a iarrtar orainn a roinnt lena chéile mar aon phobal amháin ar fuil Chríost is bunús dó.

Is pobail sinn atá beo ar an Spiorad Naomh, iarrtar orainn siúl le chéile i dtreo Íosa Óig, agus ómós a dhéanamh dó mar aon phobal amháin. Treoraíonn spiorad an chomhbhá sinn i dtreo a chéile agus ní féidir adhradh i spiorad agus i bhfírinne gan an treoir seo a leanúint.

## Paidir

A Dhia an chomhbhá,
i do thrócaire, bain na scálaí dár súile,

agus stiúir sinn chun an aithreachais agus
chun adhradh a dhéanamh ort.
I lár ár mbróin agus d'ainneoin
dhoimhneacht ár bpeacaí,
cuir ionainn an cumas le grá ár gcroí uile a
thabhairt duit.
Taistealaímid le chéile d'aon chroí agus
d'aon aigne,
agus go raibh glóire agat uainn i
gcomhaltacht an Spioraid,
agus tabharfaimid fianacht do na daoine a
bhíonn inár dtimpeall.
Áiméan.

## Véarsa iomainn

Cuir críoch air, mar sin, ar do
chruthú úrnua;
Íon glan gan smál go rabhamar;
go bhfeice muid do shlánú mórga,
é arna athshlánú go hiomlán ionatsa;
é claochlaithe ó ghlóire go glóire,
nó go mbeidh ár n-ionad féin ar
neamh againn,
nó leagfaimid ár gcorónacha os
do chomhairse,
caillte san iontas, sa ghrá, agus san
ardmholadh.

*Charles Wesley, 1747*

## Ceisteanna

**Ar an leibhéal domhanda:** An bhfuil paidreoireacht ar son na eaglaise domhanda mar chuid de do nósanna adhartha?

**Ar an leibhéal áitiúil:** Laistigh de d'adhradh mar phobal Crostaí, cad iad na constaicí idir tú agus aontacht níos fearr agus cad iad na slite inar féidir na constaicí sin a shárú?

**Ar an leibhéal pearsanta:** An féidir leat smaoineamh siar ar am ina raibh tú ábalta adhradh a dhéanamh "i spiorad agus i bhfírinne"? Cad é mar a bhí sé?

## Téigh agus Déan

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Ar an leibhéal domhanda:** Bain úsáid as cúrsa éacúiméineach na paidreorachta chun paidreoireacht a sceidealú in éineacht le pobail eile ar fud na heaglaise domhanda - https://www.oikoumene.org/resources/prayer-cycle

**Ar an leibhéal áitiúil:** Is fiú dul i gcomhar le heaglaisí eile i do cheantar agus páirt a ghlacadh i bplé bíobalta leo ar mhaithe le bheith ag foghlaim i dteannta pobal eaglaise eile thar lear. Tabhair cuairt ar Just Scripture lena thuilleadh a fháil amach.

**Ar an leibhéal pearsanta:** Aimsigh seirbhís ar líne de chuid eaglais a bhaineann le traidisiún eile. Glac páirt sa ghníomh seo adhartha agus déan do mhachnamh ar an saibhreas a thaispeáin Dia duit tríd an taithí ar leith seo ar an adhradh in éineacht lena chéile.

# Lá 7

## “D’oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra”

(Matha 2:11)

*Tóraíocht na haontachta*

## Léamha

| | |
|---|---|
| Hóisé 6:1-6 | is mó is mian liom buanghrá ná íobairtí |
| Matha 6. 19-21 | Óir san áit a mbíonn do stór,<br>is ann a bheidh do chroí freisin |

## Machnamh

Is é an aithne atá ar Hóisé ná a chuid achainíocha ar son an cheartais agus an ghrá seachas gnáis agus rialacha reiligiúnda. Iarrtar orainn stór a dhéanamh dár ngrá agus dár gcuid oibre ar son an cheartais faoin tuiscint go mbeadh an méid sin mar bhronntanas uainn lena ofráil os comhair an mhainséir. Tá a fhios againn nach dteastaíonn saibhreas ná ofrálacha dóite ó Dhia, ach gur trínár mbochtaineacht a oibríonn cumhacht Dé: “Níl ór ná airgead agam”. Is é grá ár gcroí a theastaíonn ón Tiarna, iad líon lán le trócaire, fonn chun aithreachais agus fonn chun athraithe iontu.

Ullmhaímis dó mar sin bronntanas an chroí atá líon lá le grá. Lena bheith réidh le glúin a umhlú chun adhartha, is gá croí ina bhfuil aithreachas as an bpeaca agus croí atá dílis as an té a bhfreastalaímid air. Tríd an dílseacht seo, tugtar athbhrí dúinn, cneasaítear sinn, agus tugtar chun athmhuintearais sinn, tar éis ar briseadh nó ar gortaíodh ionainn, timpeall orainn, agus inár measc mar Chríostaithe.

Is í an aontacht an bronntanas a tugadh dúinn trí Chríost. Fásfaimid i gcomaoin lena chéile, agus roinnimid na grástaí éagsúla a tháinig chuig ár dtraidisiún féin, agus aithnímid gurb é an Tiarna foinsí gach bronntanais a fuaireamar.

## Paidir

A Dhia,<br>
trí do chuid fáithe,<br>
d’iarr tú chun an cheartais sinn,<br>
chun grá a bheith againn don trócaire,<br>
agus le siúl go humhal i d’fhochair.<br>
I gCríost,<br>
thaispeáin tú dúinn cén chuma a<br>
bheidh air sin.<br>
Trí do Spiorad Naomh<br>
ceadaíonn tú dúinn<br>
d’fhocail a chloisteáil,<br>
leanúint de shampla Chríost,

agus le maireachtáil mar dheisceabail.
Mar sin, cruinneoimidne ag an mainséar,
déan-sa cneasú ar ár gcneánna,
réitigh ár ndeighiltí,
agus coimeád le chéile i do ghrá sinn.
Áimeán.

## Véarsa iomainn

Is beag is fiú dúinn gach tíolacadh sómhar,
is beag is fiú bronntanais lena dhea-mhéin
a thuilleadh;
is saibhre go mór adhradh ón gcroí;
is geal le Dia paidreacha na mbocht.
Is gile is ansa mic na mochmhaidine,
drúcht ar an dorchadas, beir chugainn
do chúnamh;
réalta anoir ar íor na spéire agus
í maisitheach,
treoraigh chuig an ionad inár leagadh an
Fuascailteoir óg.

*Reginald Heber 1783-1826*

## Ceisteanna

**Ar an leibhéal domhanda:** Tá aitheantas á thabhairt do cheartas aeráide mar chineál ceartas sóisialta lenar féidir eaglaisí a chur ag gníomhú le chéile ar scála domhanda. Cén fáth gur amhlaidh atá an scéal?

**Ar an leibhéal áitiúil:** Uaireanta labhróimid faoina éasca is féidir an Aontacht Chríostaí a chur chun cinn agus eaglaisí áitiúla ag obair le chéile ar thogra ar leith, togra a bhaineann le ceartas sóisialta go minic. An bhfuil a leithéid feicthe agat i do cheantar áitiúil?

**Ar an leibhéal pearsanta:** Cad a cheapann tú de thábhacht na hEaglaise mar ionad chun adhradh a dhéanamh agus mar ionad ónar féidir ceartas sóisialta a éileamh?

## Téigh agus Déan

(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Ar an leibhéal domhanda:** Tóg do chuid ama inniu chun feachtasaíocht a dhéanamh ar son an cheartais dhomhanda. Tabhair cuairt ar shuíomhanna idirlín na ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta atá ag CTBI (féach https://ctbi.org.uk/membership/) chun páirt a ghlacadh ina bhfeachtas reatha um cheartas sóisialta.

**Ar an leibhéal áitiúil:** Tabhair le fios tograí i do cheantar féin a dteastaíonn breis tacaíochta uathu, agus bígí ag obair mar eaglaisí le cabhair a thabhairt dóibh.

**Ar an leibhéal pearsanta:** Smaoinigh ar cheist de chuid an cheartais shóisialta nár phléigh tú cheana léi, agus cuir am ar leataobh chun a thuilleadh a fháil amach faoi agus chun bearta cuí a dhéanamh.

# Lá 8

"Ghabh siad bóthar eile abhaile chun a dtíre féin"
(Matha 2:12)

*Seachain seanslite na deighilte agus tabhair faoi bhealaí nua Dé*

## Léamha

| | |
|---|---|
| Sailm 16 | Taispeánfaidh tú slí na beatha dom. |
| Matha 11:25-30 | De chionn mar a cheil tú na nithe seo ar lucht eagna agus éirime agus mar a d'fhoilsigh tú do naíonáin iad. |

## Machnamh

Níl tuairim againn cad é ba dhóigh leis na Saoithe – ba shaineolaithe réalteolaíochta agus loingseoireachta iad – nuair a tugadh rabhadh dóibh bóthar eile abhaile a ghabháil. Gach seans go raibh mearbhall ceart orthu, ach an solas céanna a lasadh ina mbóthar, léirigh siad dóibh go raibh bóthar eile, féidearthacht eile. Iarradh orthu a dtreo a athrú.

Is minic a thugaimid faoi deara go mbímid teoranta ag na gnáthshlite a bhíonn againn le rudaí a dhéanamh agus leis an domhan a thuiscint. Nuair a dhúntar na slite nó na 'bóithre' seo, machnaímid ar cén tslí le dul ar aghaidh agus leis an aistear a choimeád sa siúl. Caithfimid muinín a bheith againn as an Té a thug dúinn an lóchrann sin dúinn, an mhuinín go n-aimseoimid an bealach chun tosaigh nuair atá bac ar ár slí agus ar ár mbóthar. Bíonn tús úrnua ar fáil i gcónaí nuair a bhímid toilteanach agus oscailte ar obair an Spioraid.

Mar eaglaisí, féachaimid i dtreo an ama atá caite agus aimsímid an lóchrann, agus féachaimid i dtreo na todhchaí ar thóir slite nua ionas gur féidir leanúint de sholas an tSoiscéil a lonrú le linn an aistir dúinn ar bhóthar eile in éineacht lena chéile.

## Paidir

A Dhia an ghrásta,
nuair nach léir dúinn ach slí amháin,
agus nuair a chreidimid gur uirthi amháin
is féidir brath,
nuair a chreidimid go bhfuil bac ar
gach bóthar,
agus nuair a thitimid in éadóchas,
is tusa a aimsímid go deo ann,
bealach nua gan choinne á leagan síos
romhainn agat.
Má chuardaímid ár mapaí agus mura
bhfaighimid aon bhealach,
aimseoimid i gcónaí tú dá ainneoin sin,
tugann tú treoir dúinn ar shlite is fearr
go mór,
agus bíonn muinín againn go dtabharfaidh
tú ar ais chugat i gcónaí,

agus chun tosaigh san aontacht lena chéile.
Áimeán.

## Freagrach machnamhach

Sa taisteal ar bhealaí comhthreomhra,
nó mar is minice, sa taisteal ar
bhealaí éagsúla,
tagann chugainn cuireadh ó 'bhealach eile',
cuireadh le bheith inár gcompánaithe
oilithreachta,
muintir an bhealaigh,
compáis agus mapaí i bhfearas,
fios na slí agus loingseoireacht i gcomhar,
an bóthar á chiorrú d'ainneoin ualach
na málaí,
ár mbuataisí agus iad ag brú go síor
chun tosaigh,
bealaí ársa agus á n-athghabháil de réir a
chéile againn,
ag siúl go humha i bhfochar ár nDé.

## Ceisteanna

**Ar an leibhéal domhanda:** An bhfuil slite eile taistil ann a bhféadfaimis a fhiosrú agus sinn ar an mbóthar i dtreo todhchaí níos fearr?

**Ar an leibhéal áitiúil:** An bhfuil aon rud faoinár ngnás laethúil go ndéanaimid talamh slán de? Cén bheannacht a gheobhadh duine ó thraidisiún eile ó adhradh d'eaglaise féin? Cén tuiscint a bheadh ag duine ó thraidisiún eile ar adhradh d'eaglaise féin?

**Ar an leibhéal pearsanta:** Conas mar a bhraithimid nuair a thugtar dúshlán do na bealaí nó do na traidisiúin a bhfuil taithí againne orthu?

## Téigh agus Déan


(féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Ar an leibhéal domhanda:** Faigh amach cén tslí inar tháinig pobail ó gach áit ar domhan suas lena chéile sa bhliain 2021 ar son an athraithe aeráide. Déan plean mar eaglaisí le chéile leanúint den aistear todhchaí níos fearr a bhaint amach don phlainéad agus do chách. Faigh amach a thuilleadh ar christianaid.org.uk/campaigns.

**Ar an leibhéal áitiúil:** Eagraigh oilithreacht áitiúil idir na heaglaisí i do cheantar, mar shampla, d'fhéadfadh grúpa díobh imeacht ar shiúl na gcos chuig gach ceann d'fhoirgnimh na heaglaise nó d'fhéadfadh sibh an bealach oilithreachta is cóngaraí daoibh a aimsiú.

**Ar an leibhéal pearsanta:** Tabhair faoi bhealaí a bhfuil taithí agaibh leo ar bhealach eile, mar shampla, agus siúl ar luas 50% níos moille le linn do chuid cúraimí a dhéanamh inniu, agus tabhair d'aird don difear a thugann tú faoi deara. Cad é an t-athrú a thagann ar na rudaí a fheiceann tú?

# An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2022



ctbi.org.uk/weekofprayer
weekofprayer.org

Twitter: #wpcu2022
#wpcuwall

**Foilsithe le**
**hEaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire**
Interchurch House
35 Lower Marsh
Londain SE1 7RL
info@ctbi.org.uk,
Fón: 0203 794 2288

Uimhir charthanachta cláraithe: 1113299.
Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta,
Uimhir chlárúcháin: 5661787